Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9932/21**

**PI 55**
**MI 487**
**COMPET 497**
**RECH 313**
**COVID-19 275**
**WTO 160**
**COMER 63**
**SAN 412**
**PHARM 133**
**SEMENCES 32**
**COPEN 287**
**DROIPEN 112**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9381/21 + ADD1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbeartas maoine intleachtúla (an 18 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo‘conclúidí ón gComhairle maidir le beartas maoine intleachtúla’, mar a d’fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Meitheamh 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbeartas maoine intleachtúla**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. Á MHEABHRÚ DI

– na conclúidí ón gComhairle an 10 Samhain 2020 maidir leis an mbeartas maoine intleachtúla agus an t-athbhreithniú ar an gcóras dearaí tionsclaíocha san Aontas[1];

– an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 *An intellectual property action plan to support the EU's recovery and resilience* [Plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun tacú le téarnamh agus teacht aniar an Aontais][2], ina sainaithnítear maoin intleachtúil mar phríomhshócmhainn don Aontas Eorpach, á aithint ag an am céanna nach mór beartais dhea-chalabraithe a chur i bhfeidhm le go mbeidh sí éifeachtach chun cabhrú le cuideachtaí leas a bhaint as a n-aireagáin agus as a bhfuil cruthaithe acu, ag áirithiú go bhfónann na beartais sin don gheilleagar agus don tsochaí ina hiomláine;

– na conclúidí ón gcruinniú speisialta a bhí ag an gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Bealtaine 2021[3], go háirithe an iarraidh uaithi go gcuirfí dlús leis an obair chun rochtain dhomhanda chothromasach ar vacsaíní COVID-19 a áirithiú agus chun tiomantas an Aontais agus na mBallstát do dhlús a chur le comhroinnt vacsaíní chun tacú le tíortha atá i ngátar agus chun cuidiú le hacmhainneacht monaraíochta áitiúil a fhorbairt, i gcomhréir le Dearbhú na Róimhe maidir leis an gCruinniú Mullaigh Sláinte Domhanda;

– na Conclúidí ón gComhairle an 23 Aibreán 2021 maidir le Foireann na hEorpa[4] ina dtugtar aghaidh ar ghnéithe domhanda phaindéim COVID-19, ina luaitear go bhfuil sé bunriachtanach rochtain dhomhanda thráthúil, chothrom agus chomhionann a áirithiú ar vacsaíní, teiripe agus diagnóisic atá sábháilte, inacmhainne agus éifeachtach i gcoinne COVID-19. Sa chomhthéacs sin, dearbhaítear sna conclúidí go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit i gcroílár na n-iarrachtaí iltaobhacha ábhartha, go háirithe i ndáil leis an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 agus an tsaoráid COVAX atá aige;

[1] IO C 379I, 10.11.2020, lch 1.
[2] 13354/20.
[3] EUCO 5/21, mír 3.
[4] 7894/21.

– an teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2021: *HERA Incubator: Anticipating together the threat of COVID-19 variants* [Gorlann HERA: An bhagairt i ndáil le hathraitheacha COVID-19 a thuar le chéile][5], ina meastar gur ceann de na bealaí is tapúla chun táirgeadh vacsaíní a mhéadú é na hacmhainneachtaí monaraíochta agus cóimeála/críochnaithe a neartú, a bhféadfadh comhroinnt dheonach feasa gnó agus maoine intleachtúla maidir le vacsaíní agus a dteicneolaíochtaí a bheith i gceist leis, chun an t-am is gá chun na teicneolaíochtaí sin a aistriú a laghdú;

– aontachas an Aontais le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha, rud a rannchuidigh le córais chosanta na dtásc geografach a fheabhsú agus a nuachóiriú ar an leibhéal domhanda; agus meabhraítear di go bhfuil sí faoi réir chun féachaint ar chóras a thabhairt isteach le haghaidh cosaint *sui generis* do tháirgí neamhthalmhaíochta ar leibhéal an Aontais, ar bhonn measúnú tionchair críochnúil ar na costais agus na sochair a d'fhéadfadh éirí as, agus ag tógáil ar aiseolas ó na geallsealbhóirí don mheasúnú ar thionchar tionscanta agus don chomhairliúchán poiblí a rinne an Coimisiún le déanaí;

– na Conclúidí ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020[6], ina n-iarrtar go ndéanfaí gníomhaíochtaí chun go mbeidh FBManna in ann lántairbhe a bhaint as deiseanna an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear trí infheistíochtaí fáis a chumasú trí infheistíochtaí bunaithe ar an maoin intleachtúil a éascú do FBManna; sna conclúidí sin freisin ba dhíol sásaimh di an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 *Long term action plan for better implementation and enforcement of single market rules* [Plean Gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr][7], ina gcuirtear i bhfios go láidir gur gá forfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla agus na dtoirmeasc nó srianta ar earraí góchumtha nó aindleathacha a chur sa mhargadh aonair a neartú;

---

5 6375/21.
6 10698/20.
7 6778/20.

*Plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil*

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI plean gníomhaíochta an Choimisiúin um maoin intleachtúil, agus na tionscnaimh a fhógraítear ann maidir le cosaint níos fearr a thabhairt do mhaoin intleachtúil, úsáid agus imscaradh éifeachtach maoine intleachtúla, rochtain níos éasca ar shócmhainní atá faoi chosaint maoine intleachtúla agus na sócmhainní sin a chomhroinnt, sáruithe ar chearta maoine intleachtúla a chomhrac, cothrom na Féinne ar an leibhéal domhanda;

3. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt do thíolacadh tráthúil na dtograí reachtacha comhfhreagracha, lena n-áirítear, a luaithe is féidir, togra maidir le reachtaíocht an Aontais i ndáil le dearaí tionsclaíocha a athbhreithniú agus a nuachóiriú chun go mbeidh sí níos inrochtana, go háirithe do FBManna; IS FADA LÉI go ndéanfar dul chun cinn leis an gclár oibre neamhreachtach a fhógraítear sa phlean gníomhaíochta, lena n-áirítear an bosca uirlisí de chuid an Aontais in aghaidh góchumtha atá ar na bacáin, agus leis an obair i réimsí na hintleachta saorga, comhroinnt sonraí agus 'bonneagar cóipchirt' níos fearr;

***Ról na maoine intleachtúla chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19***

4. ÓS FEASACH DI gur ghabh agus go ngabhann iarmhairtí tromchúiseacha le paindéim COVID-19 don gheilleagar domhanda agus á aithint di go raibh agus go bhfuil gá le bearta práinneacha chun tacú le taighde agus forbairt agus chun acmhainneachtaí táirgthe vacsaíní a mhéadú ionas go bhféadfaidh an tAontas a iomaíochas domhanda a athbhunú agus filleadh ar an bhfás eacnamaíoch go luath;

5. Á CHUR I dTÁBHACHT DI nár tháinig stop, fiú tráth géarchéime, leis an nuálaíocht ná leis an gcruthaitheacht san Aontas, agus gur léiríodh go spreagann, agus gur cheart go spreagfadh amach anseo, an córas maoine intleachtúla nuálaíocht, iomaíochas, fás eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe, mar aon le bheith ina phríomhchreat cumasúcháin don chomhar agus don aistriú eolais agus teicneolaíochta;

6. DE BHRÍ go gceaptar gur bealach é an dlúthchomhar idir na gníomhaithe ábhartha poiblí agus príobháideacha uile, ag brath, nuair is gá, ar réitigh dheonacha le haghaidh maoin intleachtúil, fios gnó agus sonraí a chomhroinnt, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a d'fhéadfadh teacht agus chun cur go mear le hacmhainneachtaí táirgthe agus le soláthar ar fud an domhain, agus rochtain ar tháirgí ríthábhachtacha a áirithiú chun COVID-19 a dhiagnóisiú, a chóireáil agus a chosc, lena n-áirítear vacsaíní;

7. DE BHRÍ go bhfuil an tAontas rannpháirteach go gníomhach in idirphlé cuimsitheach i gcomhthéacs na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile chun féachaint ar conas is fearr is féidir, le cur chuige atá éifeachtach agus pragmatach, amhail comhthiomsú paitinní, tionscnaimh cheadúnúcháin agus ardáin comhroinnte eolais/vacsaíní, tacú le rochtain inacmhainne agus chothromasach ar tháirgí íocshláinte COVID-19, diagnóisic, vacsaíní agus cóireálacha, chun foráil a dhéanamh d'fhreagairt láidir, thapa agus uilíoch ar an bpaindéim; DE BHRÍ go bhfuil an tAontas faoi réir le huirlisí eile a phlé, lena n-áirítear na solúbthachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 31 agus 31bis de Chomhaontú TRIPS;

8. Á AITHINT DI go raibh tionchar ag an bpaindéim freisin ar obair na n-oifigí maoine intleachtúla; DE BHRÍ gur chuir oifigí maoine intleachtúla iad féin in oiriúint don dúshlán sin, go háirithe trí nósanna imeachta ar líne agus gan pháipéar a chur chun cinn, agus sábháilteacht á ráthú acu ar an gcaoi sin d'úsáideoirí an chórais maoine intleachtúla agus d'fhoireann na n-oifigí maoine intleachtúla, agus oibriú rianúil san Aontas á háirithiú ag an am céanna, ar mhaithe leis an nuálaíocht;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI na bearta tacaíochta ón gCoimisiún a bhaineann le COVID lena gceadaítear córas maoine intleachtúla tréan láidir cothrom, a bheidh fothaithe ar bhonn glas agus digiteach, a rannchuideoidh le geilleagar níos inbhuanaithe a bheith ann;

10. IS FADA LÉI go bpléifear a thuilleadh uirlisí agus roghanna maoine intleachtúla le haghaidh comhordú níos fearr chun dul i ngleic le géarchéimeanna trasteorann; ADMHAÍONN SÍ go bhfuil an Coimisiún faoi réir, i gcomhthéacs na hoibre atá á déanamh ag an Tascfhórsa um uas-scálú tionsclaíoch ar vacsaíní COVID-19, le tacaíocht a chur ar fáil i ndáil le haon saincheisteanna a bhaineann le maoin intleachtúil;

11. Á MHEABHRÚ DI gurb é an tAontas an príomhonnmhaireoir vacsaíní ar domhan, agus leath de tháirgeadh uile an Aontais á sheoladh go dtí an chuid eile den domhan, agus go bhfuil sé ar cheann de na príomhranníocóirí airgeadais le saoráid COVAX, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le tacaíocht dhomhanda níos mó do shaoráid COVAX agus IARRANN SÍ ar na tíortha uile a tháirgeann vacsaíní onnmhairí a cheadú agus aon bhearta a chuirfeadh isteach ar shlabhraí soláthair a sheachaint, rud a chuirfidh go gníomhach le hiarrachtaí domhanda an soláthar a mhéadú ar fud an domhain;

*FBManna agus a dtéarnamh eacnamaíoch*

12. ÓS FEASACH DI gur glacadh an iliomad beart sriantach chun an phaindéim a chosc agus chun freagairt uirthi mar thoradh ar an staid eipidéimeolaíoch mar gheall ar í a bheith ag dul in olcas;

13. DE BHRÍ GO bhfuil sé práinneach ionstraimí nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le FBManna a gcostais oibriúcháin a sheasamh, lena n-áirítear na costais siúd a bhaineann lena gcearta maoine intleachtúla a chosaint agus a bhainistiú, chun na tionchair dhiúltacha ar a staid fhoriomlán airgeadais a mhaolú;

14. AITHNÍONN SÍ na deacrachtaí méadaithe atá ann mar thoradh ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair, agus na hiarmhairtí dosheachanta ar na gníomhaithe eacnamaíocha, go háirithe ar FBManna, eadhon maidir le straitéisí gnó a shainiú chun a n-iomaíochas a neartú agus dlús a chur leis an bhfás eacnamaíoch;

15. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gné ríthábhachtach do FBManna i dtéarmaí iomaíochais, nuálaíochta, luach-ghiniúna agus ráthaíocht na hinbhuaine é cearta maoine intleachtúla agus rúin trádála a chosaint agus a luacháil;

16. AITHNÍONN SÍ go gcruthaíonn bonneagair thaighde breisluach nuair a bhaintear úsáid astu go comhuaineach chun críche taighde agus feidhmeanna teicneolaíochta, réimse ina bhfuil ról tábhachtach ag an maoin intleachtúil maidir le comhar le cuideachtaí, go háirithe FBManna, agus ar an gcaoi sin, is féidir leas a bhaint as an acmhainneacht nuálaíochta chun tosaíochtaí straitéiseacha níos leithne an Aontais a bhaint amach;

17. TAGANN SÍ leis an measúnú ar an bplean gníomhaíochta um maoin intleachtúil a thugann le fios nach mbaineann sciar mór de FBManna agus de thaighdeoirí lántairbhe fós as na deiseanna a ghabhann le cosaint agus luacháil na maoine intleachtúla, agus dá bhrí sin, IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta chun úsáid éifeachtúil agus cur chun feidhme éifeachtúil maoine intleachtúla a chur chun cinn i measc FBManna;

18. Is DÍOL SÁSAIMH DI, dá bhrí sin, gur sheol agus gur chuir an Coimisiún agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) chun feidhme Ciste Tacaíochta FBManna, lena gcuirtear maoiniú ar fáil chun comhairle a fháil maidir le ról maoine intleachtúla mar chuid de straitéis ghnó FBManna, agus chun trádmharcanna agus dearaí tionsclaíocha a chlárú, trí na córais maoine intleachtúla ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais; CREIDEANN SÍ go mbeadh sé úsáideach an tacaíocht seo a leathnú go paitinní amach anseo;

19. ADMHAÍONN SÍ go mbeidh obair EUIPO agus na nOifigí Maoine Intleachtúla náisiúnta agus réigiúnacha, faoi chuimsiú Ghréasán an Aontais Eorpaigh um Maoin Intleachtúil (EUIPN), ríthábhachtach do rath an tionscnaimh nua seo, go háirithe i gcomhar le hionstraimí ginearálta tacaíochta gnó, amhail an Líonra Fiontar Eorpach, tionscnaimh braislí agus le líonraí tacaíochta eile maoine intleachtúla, amhail ionaid faisnéise paitinní;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhar a fhorbairt agus a neartú le EUIPN agus leis na líonraí tacaíochta éagsúla a bhaineann le maoin intleachtúil agus leis na soláthraithe seirbhíse éagsúla, chun comhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú idir na bearta tacaíochta maoine intleachtúla atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo do FBManna i mBallstáit uile an Aontais, ionas go gcumhdófar gach ceart maoine intleachtúla, agus iomaíochas, nuálaíocht agus rochtain ar mhargaí eachtracha do ghnólachtaí beaga á gcothú ar an gcaoi sin;

***Teicneolaíochtaí glasa agus digiteacha***

21. DE BHRÍ GO bhfuil gá le hidirghníomhaíochtaí éifeachtacha agus éifeachtúla eolaíochta agus gnó idir maoin intleachtúil agus an nuálaíocht chun todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach, todhchaí ar mó an gealladh a bhaineann léi don chéad ghlúin eile;

22. AITHNÍONN SÍ an gá atá le plé a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé réitigh nuálacha a chosaint i réimse na dteicneolaíochtaí glasa agus digiteacha mar bhealach chun fás eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe sochaithe nua-aimseartha a chur chun cinn;

23. ADMHAÍONN SÍ a riachtanaí atá cearta maoine intleachtúla mar dhreasacht chun teicneolaíochtaí inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt agus a scaipeadh, tar éis chonclúidí na bliana 2019 ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide lenar spreagadh tíortha agus eagraíochtaí gnó i dtreo dearcadh níos freagraí ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de, as a dtiocfaidh freisin leas a bhaint as cearta maoine intleachtúla mar uirlis chun straitéisí comhroinnte teicneolaíochta comhoibríocha a chruthú;

24. Á CHUR I dTÁBHACHT DI a thábhachtaí atá na réimsí glasa agus digiteacha do théarnamh agus d'fhorbairt eacnamaíoch cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, go háirithe trí bhíthin teicneolaíochtaí glasa agus digiteacha agus nuálaíocht oscailte mar straitéis, atá san áireamh sa phlean gníomhaíochta um maoin intleachtúil;

25. Cuireann SÍ I dTREIS nach mór don Aontas an leas is fearr is féidir a bhaint as a fheidhmíocht shármhaith taighde agus nuálaíochta chun tacú le haistriú glas agus le haistriú digiteach gheilleagar an Aontais, lena n-áirítear trí leas éifeachtach a bhaint as cosaint agus bainistiú cliste maoine intleachtúla trí shásraí éifeachtúla le haghaidh comhroinnt maoine intleachtúla agus aistriú teicneolaíochta;

26. MEASANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go leanfaidh maoin intleachtúil de bheith ina toisc chumasúcháin don aistriú digiteach agus don aistriú glas, agus é á aithint gur cheart go ndíreodh sé sin ar Aontas a bheidh athléimneach, rathúil agus inbhuanaithe;

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dreasachtaí a uasmhéadú chun leas a bhaint as an bpoitéinseal cruthaitheachta agus nuálaíochta i dteicneolaíochtaí glasa agus digiteacha ar fud an Aontais;

***Maoin Intleachtúil a fhorfheidhmiú***

28. Is DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an earnáil phoiblí agus ag an earnáil phríobháideach dul i ngleic le sáruithe ar chearta maoine intleachtúla as líne agus ar líne, agus treochtaí méadaitheacha na faidhbe sin a aisiompú, agus ar an gcaoi sin, an gá soiléir atá le hiarrachtaí a threisiú a chur chun cinn, agus an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí nua i mbaint amach na gcuspóirí atá á saothrú sa réimse sin á chur san áireamh;

29. MEASANN SÍ gur gá go mbeadh cur i bhfeidhm éifeachtach an chreata dhlíthiúil atá ann cheana i gceist leis an gcomhrac i gcoinne sáruithe maoine intleachtúla, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé go mbeadh acmhainneacht iomchuí ag na húdaráis forfheidhmithe dlí sa chomhrac i gcoinne sáruithe ar chearta maoine intleachtúla;

30. Chun cuidiú lena áirithiú gur féidir bearta níos éifeachtaí a dhéanamh i gcoinne sáruithe ar chearta maoine intleachtúla, MEASANN SÍ gur gá machnamh a spreagadh maidir le sáruithe coiriúla ar chearta maoine intleachtúla a chosc agus a chomhrac, go háirithe góchumadh agus píoráideacht, agus an bhaint atá acu sin le coireacht idirnáisiúnta eacnamaíoch agus airgeadais, mar gheall ar rannpháirtíocht grúpaí coiriúla eagraithe, lena n-áirítear an gá a d'fhéadfadh a bheith ann breithniú a dhéanamh ar dhifríochtaí dlíthiúla atá ann cheana idir creataí dlí choiriúil na mBallstát, ar bhearnaí coiriúla agus ionchúisimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ar bhacainní dlíthiúla agus praiticiúla ar chomhar trasteorann laistigh den Aontas;

31. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal *Report on the functioning of the Memorandum of Understanding on the sale of counterfeit goods on the Internet* [Tuarascáil maidir le feidhmiú an Mheabhráin Tuisceana maidir le díol earraí góchumtha ar líne][8]; Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI go measann na sínitheoirí gur ionstraim luachmhar é an Meabhrán Tuisceana chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú, agus chun comhar éifeachtach a áirithiú idir sealbhóirí cirt agus ardáin ar líne. Ós rud é go bhfuil méid doghlactha earraí góchumtha ar na margaí ar líne go fóill, TÁ SÍ DEN TUAIRIM go ndéanfar na hiarrachtaí sin a threisiú go mór le Gníomh na Seirbhísí Digiteacha, agus le Bosca Uirlisí an Aontais i gcoinne góchumtha, rud atá ar na bacáin;

32. MEASANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach go bhféachfadh an tAontas leis na leochaileachtaí atá ann faoi láthair a íoslaghdú, trí mheasúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana a nuachóiriú, lena n-áiritheofar úsáid chliste agus straitéiseach maoine intleachtúla, agus an comhrac éifeachtach i gcoinne sáruithe ar chearta maoine intleachtúla;

33. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an comhrac i gcoinne sáruithe ar chearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear góchumadh agus píoráideacht, a áireamh i dtosaíochtaí bheartais ábhartha uile an Aontais;

---

8 10189/20.

*Paitinní*

34. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tuiscint don phlé luachmhar a rinneadh i gComhairle Riaracháin Eagraíocht Eorpach na bPaitinní, lena n-áirítear ina Coiste um Dhlí na bPaitinní, maidir le hinphaitinneacht na bpróiseas bunúsach bitheolaíoch do tháirgeadh plandaí nó ainmhithe agus na dtáirgí arna bhfáil trí phróisis den sórt sin, arb é is aidhm dóibh tuiscint níos doimhne a bhaint amach, ar bhonn cur chuige fianaise-bhunaithe, ar Threoir 98/44/CE maidir le cosaint dhlíthiúil aireagán biteicneolaíoch, agus ar fhorálacha comhfhreagracha an Choinbhinsiúin um an bPaitinn Eorpach; Is DÍOL SÁSAIMH DI an cleachtadh faireacháin agus tuairiscithe a thionscain Oifig Eorpach na bPaitinní (OEP) maidir lena cleachtais deonaithe paitinne de bhun thuairim G 3/19 ó Bhord Achomhairc Méadaithe Oifig Eorpach na bPaitinní an 14 Bealtaine 2020;

35. Á MHEABHRÚ DI go bhfuil sé d'aidhm ag deimhnithe forlíontacha cosanta (SPCanna) cúiteamh a thabhairt do nuálaithe as an gcailliúint cosanta éifeachtaí paitinní a eascraíonn ón am is gá chun trialacha cliniciúla éigeantacha agus nósanna imeachta um údarú margaidh a chur i gcrích, agus ar an gcaoi sin, nuálaíocht san Aontas a spreagadh agus rannchuidiú le cosc a chur ar na tionscail sin bogadh amach as an Aontas;

36. DE BHRÍ GO gcuirtear cosaint SPC ar fáil ar an leibhéal náisiúnta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cinntí difriúla laistigh den Aontas agus, dá bhrí sin, le himeachtaí dlíthiúla comhthreomhara, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le neamhéifeachtúlacht, éiginnteacht dhlíthiúil agus easpa soiléireachta agus intuarthachta san Aontas;

37. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé leanúint d'obair a dhéanamh i dtreo córais a bheidh níos comhleanúnaí agus, sa chomhthéacs sin, féachaint ar réitigh bhreise níos comhchuibhithe chun aon chonstaicí atá ann cheana a shárú; Is DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí arna mbunú sa phlean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun feabhas a chur ar chóras SPC.